# An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
# An Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2025

# Treoirlínte

**LÉIGH NA TREOIRLÍNTE SEO A LEANAS GO CÚRAMACH, SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM IARRATAIS.**

## 1. Réamhrá

Cuireann **an Clár Feabhsúcháin Áitiúil (LEP)** maoiniú ar fáil chun tacú le grúpaí pobail ar fud na hÉireann.

Tá **an LEP** maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (*an Roinn*) agus riarann na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDCanna) i ngach limistéar Údaráis Áitiúil é.

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do gach limistéar Údaráis Áitiúil (ÚÁ) agus riarann an LCDC an maoiniú seo ansin go háitiúil lena chinntiú go ndírítear maoiniú go cuí ar dul i ngleic le míbhuntáiste sna ceantair is mó a dteastaíonn sé.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéanann gníomhaireachtaí agus ranna eile infheistíocht i gceantair faoi mhíbhuntáiste, chomh maith[1]. Cuirfear **an LEP** i bhfeidhm ar bhealach comhlántach chun luach a chur le scéimeanna agus cláir thúslíne eile atá á gcur i bhfeidhm i bpobail.

Tacóidh **an Clár Feabhsúcháin Áitiúil** le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

- Beidh grúpaí in ann an ghné chaipitil den mhaoiniú a úsáid chun tabhairt faoi dheisiúcháin agus faoi fheabhsúcháin riachtanacha ar a gcuid saoráidí, agus chun trealamh a cheannach lena n-áirítear boird agus cathaoireacha, uirlisí agus comharthaíochta, ríomhairí glúine agus printéirí, lomairí faiche, ceannbhrat agus trealamh oiliúna etc.
- Beidh grúpaí in ann gné reatha an mhaoinithe a úsáid chun tacú lena gcostais reatha neamhphá, mar shampla, costais/billí fuinnimh (costais leictreachais, táillí bruscair, táillí téimh) costais chíosa/léasa, billí árachais.

[1] Mar shampla, an Roinn Oideachais agus Scileanna i scoileanna DEIS agus oifigigh idirchaidrimh pobail, FSS i seirbhísí cúraim pobail, an RCS in Intreo agus tríd an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla etc. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a chuireann SICAP (an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail)i bhfeidhm chomh maith, chun cabhrú le daoine aonair agus grúpaí ó phobail faoi mhíbhuntáiste.

Cabhróidh an maoiniú seo le pobail, grúpaí pobail agus coistí, trína chur ar a gcumas leanúint de sheirbhísí luachmhara a chur ar fáil do na daoine ina gceantar, agus naisc a neartú ag an am céanna a cheanglaíonn pobail le chéile.

Molann an Roinn go ndéanfadh LCDCanna 30% den mhaoiniú a imfhálú chun deontais bheaga chaipitil €1,000 nó níos lú a chur ar fáil. Trí mhaoiniú a imfhálú ag an leibhéal seo, cuirfear ar chumas líon níos mó díobh siúd a bhfuil acmhainní teoranta acu roinnt maoiniú a fháil. Féadfar clár tionscadail ar scála níos mó a mhaoiniú nó a mhaoiniú go páirteach faoin gclár seo chun dul i ngleic le míbhuntáiste.

Is féidir iarratais a dhéanamh leis an LCDC ábhartha faoin **4pm 23ú Feabhra 2025** .

Is é an t-uasmhéid iarratais ná €5,000 agus ní mór aon oibreacha a dhéantar a bheith críochnaithe agus íoc as faoin 29 Lúnasa 2025.

## 2. Cé atá incháilithe iarratas a dhéanamh?

Is féidir le haon ghrúpa neamhbhrabúsach pobail nó deonach iarratas a dhéanamh.

Níl eagraíochtaí ná daoine aonair tráchtála incháilithe do mhaoiniú.

## 3. Cé na tionscadail atá incháilithe do mhaoiniú?

### 3a. Cé na costais atá incháilithe do chistiú?

Cuirtear liosta neamhchríochnaitheach **de thionscadail** ar fáil thíos a d’fhéadfaí a mhaoiniú faoin gclár:

- Ionaid phobail a fhorbairt/a athchóiriú
- Feabhsúcháin inrochtaineachta
- Fóntais phobail
- Clubanna nó saoráidí óige a fhorbairt
- Saoráidí spóirt/áineasa a fhorbairt
- Feabhsúcháin ar pháirceanna baile agus limistéir agus spásanna coiteanna
- Trealamh CCTV
- Feabhsúcháin san fhearann poiblí
- Sráid-dreachú
- Spásanna súgartha/áineasa a fhorbairt
- Éifeachtúlacht fuinnimh saoráidí pobail a fheabhsú chun costais leanúnacha a laghdú
- Trealamh a cheannach
- Ríomhairí glúine agus táibléid a cheannach
- Cothabháil ar áitribh, péintéireacht agus deisiúcháin san áireamh
- Obair chaipitil chun cur leis an mbithéagsúlacht, nó chun lorg carbóin saoráide a laghdú
- Trealamh glantacháin

- Costais fuinnimh (costais leictreachais, táillí bruscair, táillí téimh ) – maoiniú reatha amháin
- Costais oibriúcháin (costais reatha chíosa/léasa, billí árachais) – maoiniú reatha amháin
- Ar mhaithe le monatóireacht agus rialachas cuí a chinntiú, cuireann an Roinn in iúl nach bhfuil ach costais oibriúcháin/reatha a bhaineann leis an tréimhse seo - ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 30 Bealtaine 2025 incháilithe.

Tá an scéim ceaptha lena chinntiú go sainaithnítear agus go bhfreastalaítear ar thosaíochtaí áitiúla, chun go bhfeabhsófar agus go gcuirfear le saoráidí pobail do gach duine.

Spriocghrúpaí

Tá an cistiú seo dírithe ar thacú le pobail a n-imríonn míbhuntáiste tionchar orthu, faoi mar a shainaithnítear san LECP.

**3b. Cad nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú?**

Níl an caiteachas seo a leanas incháilithe do chistiú:

- Aon tionscadal a thagann salach ar éiteas an Chláir
- Costais fostaíochta
- Táillí dlí
- Táillí bainistíochta tionscadail
- Talamh nó foirgnimh a cheannach
- Staidéir indéantachta
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála
- Costais atá á n-íoc ag maoinitheoir nó ag roinn eile

## 4. Riachtanais an Chláir

Baineann na coinníollacha seo a leanas le gach tionscadal. Ag brath ar chineál do thionscadail (agus an grúpa atá ag déanamh an iarratais), d'fhéadfadh sé nár mhór freastal ar riachtanais bhreise. Pléifidh an LCDC/an tÚdarás Áitiúil é seo leat, má éiríonn le d'iarratas.

**Riachtanais Chánach**

- Ní gá do ghrúpa/eagraíocht an iarratasóra a bheith cláraithe ar mhaithe le cuspóirí cánach.
- Ní mór d'aon ghrúpa/eagraíocht iarratasóra atá cláraithe do chuspóirí cánach a bheith comhlíontach i dtaobh cánach. Ar aon dul le nósanna imeachta leasaithe imréitigh cánach, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2016, caithfear an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach agus an Uimhir Thagartha Cánach a sheoladh ar aghaidh chun críocha deimhnithe.

**Toiliú Reachtúil -** Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuarthas gach cead nó toiliú riachtanach reachtúil sula gcuirtear tús le haon oibreacha. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta do chead pleanála.

**Árachas -** D'fhéadfadh an LCDC fianaise i scríbhinn i leith polasaí árachais bailí a iarraidh, sa chás gurb iomchuí, i rith an phróisis athbhreithnithe ar iarratais.

**Maoiniú a aithint -** Mar gheall ar an luach a bhíonn ag roinnt de na deontais seo, ní bheadh sé cost-éifeachtúil a éileamh ar an iarratasóir comharthaíocht ar a dtugtar aitheantas don Roinn, don Údarás Áitiúil nó don LCDC a chur ar fáil. Is leor aitheantas eile oiriúnach, e.g. ar shuíomh gréasáin nó ar ardáin meán sóisialta an ghrúpa/na heagraíochta. Sa chás go ndéantar comharthaíocht, ní mór aitheantas a thabhairt do ranníocaíocht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail uirthi.

**Maoiniú meaitseála -** **níl** sin riachtanach faoin gclár seo.

## 5. Critéir Roghnúcháin

Déanfaidh an LCDC measúnú ar iarratais chun incháilitheacht a chinntiú agus lena chinntiú go ndírítear iad ar dhul i ngleic le míbhuntáiste, mar a shainaithnítear ina LECP. Ní mór go mbeidh na tionscadail ag cloí le clú an chláir, a bhfuil sé i gceist leis maoiniú a sholáthar do phobail ar fud na hÉireann le saoráidí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú.

D'fhéadfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á tabhairt ar an mbealach:

- a dtacaíonn siad le grúpaí agus cumainn áitiúla, a fhreastalaíonn ar a bpobail;
- a méadaíonn siad an líon daoine ar féidir leis an ngrúpa tacú leo, trí fheabhsúcháin ar inrochtaineacht, trí bhearta nua imeasctha pobail nó trí fheabhsúcháin sábháilteachta san áireamh;
- a ndéantar infheistíocht chun cur le nó síneadh a chur le húsáid na saoráide, mar shampla, do ghrúpaí deonacha agus pobail;
- a laghdaítear an costas bliantúil a bhíonn ar shaoráid a reáchtáil;
- a n-imrítear tionchar dearfach ar an gcomhshaol, mar shampla, laghdú ar ídiú fuinnimh;
- a léirítear comhoibriú leis an údarás áitiúil nó le comhlachtaí ábhartha eile i limistéar an cheantair;
- a dtacaítear le mórtas áite laistigh den phobal tríd an timpeallacht thógtha a fheabhsú mar shampla;
- a dtéitear i ngleic le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta; agus/nó
- a ndéantar infheistiú i dteicneolaíocht a dtiocfaidh daoine aonair agus pobail uirthi atá thíos le míbhuntáiste.

D'fhéadfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á thabhairt ar chritéar bhreise a mheasfaidh an LCDC a bheith cuí agus a léiríonn luach breise an tionscadail nó gné den tionscadal ó thaobh aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar aidhmeanna an chláir i ngach ceantar riaracháin de chuid an Údaráis Áitiúil.

## 6. Rialachas Corparáideach

**6a. Monatóireacht:**

Éileofar ar na deontaithe na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasachta a chomhlíonadh mar atá doiciméadaithe i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Bainistiú agus Cuntasacht maidir le Deontais ón Státchiste http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf

Is é an prionsabal uileghabhálach ná go mbeidh trédhearcacht agus cuntasacht ann ó thaobh airgead poiblí a bhainistiú, ar aon dul leis an ngeilleagar, le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht. Tugtar breac-chuntas sa chiorclán, mar shampla, nár chóir do lucht faighte deontais fáil réidh le sócmhainní a bhí maoinithe trí airgead poiblí gan cead a bheith faighte roimh ré.

**6b. An Cód Rialachais d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha**

Spreagann an Roinn comhlachtaí cistithe glacadh leis an gCód Rialachais, Cód Cleachtais do Dhea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanachta, a chabhróidh le sármhaitheas a bhaint amach i ngach réimse dá gcuid oibre. Iarrtar sa Chód Rialachais ar eagraíochtaí comhaontú a thabhairt go bhfeidhmeofar i leith prionsabail phríomha ar mhaithe lena n-eagraíocht a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtúla i réimsí mar ceannaireacht, trédhearcacht agus cuntasacht agus iad féin a iompar le hionracas. Is féidir teacht ar bhreis faisnéise ar an gCód ag www.governancecode.ie

## 7. Nósanna Imeachta maidir le Ceadú

Déanfar na hiarratais go léir ar mhaoiniú faoin gclár seo a fhaigheann gach LCDC a athbhreithniú agus a mheas ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) ábhartha.

D'fhéadfadh sé go dtógfadh an LCDC san áireamh, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an leithdháileadh deiridh den mhaoiniú do thionscadal, líon fachtóirí, lena n-áirítear, cothroime gheografach agus inmhianaitheacht maoiniú a dhéanamh ar thionscadail dhifriúla agus míbhuntáiste gaolmhar an cheantair ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe á bhreithniú (nó a mbeidh an tsaoráid ag freastal air)[2].

[2] D'fhéadfadh sé go n-áireodh sé sin crostagairt a dhéanamh ar shuíomh na saoráide/an ghrúpa (nó an ceantar ar a bhfreastalaíonn an tsaoráid) le hinnéacs díobhála Pobal Hasse atá le fáil ag www.pobal.ie.

Nuair a bheidh cinneadh déanta, gheobhaidh gach tionscadal atá ceadaithe, faoi réir ag foirmiúlacht dlí agus ceanglais eile a thabhairt chun críche, tairiscint ar chuidiú deontais i bprionsabal. Beidh sé sin faoi réir ag na coinníollacha ábhartha a chomhlíonadh agus faoi réir ag an iarratasóir glacadh go sásúil leis an tairiscint sin.

Coimeádtar an ceart ar chosaint maoiniú a bhí tairgthe do thionscadal eile a bhí ceadaithe a leithdháileadh arís mura bhfreastalaítear ar na ceanglais go léir laistigh de thréimhse réasúnach. Is ceist é seo don LCDC atá i gceist agus ní mór dóibh an Roinn a chur ar an eolas go mbeartaíonn siad amhlaidh a dhéanamh.

Tá an ceart ar chosaint ag an Roinn agus/nó ag an Údarás Áitiúil tabhairt faoi iniúchadh ar chaiteachas nó cigireacht a dhéanamh ó am go ham.

**Tabhair ar aird:**
De ghnáth sáraíonn na héilimh ar chúnamh an maoiniú a bhíonn ar fáil agus tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeidh an próiseas meastóireachta dian. Is é atá mar chuspóir leis an bpróiseas seo a chinntiú go dtagann na tionscadail is fearr chun cinn, agus na fachtóirí go léir á dtógáil san áireamh agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Is é polasaí na Roinne a chinntiú go gcaitear le gach iarratas go cothrom agus go neamhchlaonta.

D'fhéadfadh sé go mbeadh an maoiniú a thairgtear níos lú ná an tsuim a bhí á lorg ag an iarratasóir. Ba chóir d'iarratasóirí a thuiscint go bhféadfadh go leor eagraíochtaí a bheith ag déanamh iarratais ar an gClár. Dá bhrí sin, in imthosca den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach n-éireodh leis na hiarratais go léir a chomhlíonann na coinníollacha nó d'fhéadfadh sé gur suim níos lú ná an tsuim a bhí á lorg a bheadh i gceist.

Agus an LCDC i mbun meastóireachta ar na tograí atá faighte, d'fhéadfadh siad comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus d'fhéadfadh sé faisnéis a nochtadh leis na saineolaithe agus leis na gníomhaireachtaí seo maidir le tograí atá faoi bhreithniú.

## 8. Ginearálta

Tá sé i gceist leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil sa doiciméad seo, tuiscint a thabhairt do na hiarratasóirí ar an bpróiseas lena ndéantar measúnú ar iarratais ar mhaoiniú agus lena gceadaítear na hiarratais agus níl léirmhíniú dlíthiúil i gceist leis.

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**
D'fhéadfaí, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, mionsonraí atá sna hiarratais agus sna doiciméid tacaíochta, arna n-iarraidh, a scaoileadh le tríú páirtithe. Sa chás faisnéis a bheith i d'iarratas atá íogair nó rúnda, déan an fhaisnéis sin a aithint agus tabhair míniú maidir leis an gcúis nár chóir an fhaisnéis sin a nochtadh. Má fhaightear iarratas faoin reachtaíocht ar fhaisnéis atá íogair a scaoileadh, rachfar i gcomhairle leat roimh chinneadh a dhéanamh cíbe a scaoilfear an fhaisnéis sin nó nach scaoilfear. Mura ndéantar faisnéis áirithe a aithint mar fhaisnéis atá íogair áfach, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a scaoileadh gan dul i gcomhairle leat.

**Cuairteanna ar an Láthair**
Féadfaidh an Roinn, an tÚdarás Áitiúil, an LCDC nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a gceann cuairt a thabhairt ar an láthair gan aon fhógra chun comhlíonadh théarmaí agus coinníollacha an Chláir a dheimhniú.

**D'fhéadfaí breis faisnéise a iarraidh**
Tá an ceart ar chosaint ag an LDDC tuilleadh faisnéise a éileamh uait más gá ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas.

**Úsáid faisnéise**
Bainfear úsáid as an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ar an bhfoirm chun críocha an phróisis deontais a mheas agus a riar, agus chun aon chuairteanna suímh a éascú. Féadfaidh an LCDC, agus measúnú á dhéanamh aige ar na hiarratais a fuarthas, comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus féadfaidh sé eolas a nochtadh faoi thionscadail atá á mbreithniú do na saineolaithe agus gníomhaireachtaí sin.

**Eile**
- Faoin gclár, beartaítear go ndéanfar 30% den mhaoiniú a leithdháiltear ar gach limistéar Údaráis Áitiúil a imfhálú do dheontais €1,000 nó níos lú.
- Tabharfaidh grúpaí iarratasóra féin-deimhniú nach bhfuil maoiniú acu chun tabhairt faoi na costais, gan an cúnamh deontais, nó tabharfaidh siad faoi thionscadal atá níos mó anois ná mar a bhí siad in acmhainn tabhairt faoi roimhe seo gan an deontas.
- Má dhéantar an t-iarratas ar mhaoiniú ar ghné amháin, nó ar chuid de thionscadal, beidh ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar go bhfuil iarmhéid an mhaoinithe ar fáil don ghné ar leith sin den tionscadal sin.
- Níl aon teorainn ar líon na n-iarratas ar thionscadail dhifriúla is féidir le heagraíocht a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí ar an eolas, áfach, go nglacfaidh an LCDC le cur chuige cothromais ar mhaithe le dáileadh cothrom an mhaoinithe a chinntiú.
- Tá an Clár maoinithe 100% ag an státchiste. Is faoi iarratasóirí a bhíonn sé maoiniú/maoiniú meaitseála eile a ghiaráil do thionscadail, cé nach riachtanas den chlár seo é sin.

- Tá sé de fhreagracht ar iarratasóir an deontais a chinntiú nach dtagtar salach ar rialacha na scéime/an chláir eile tríd an gClár seo a úsáid chun tionscadal a chómhaoiniú. Cinntigh, le do thoil, go dtéann tú i gcomhairle leis na riarthóirí nó leis an gcomhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár eile maoinithe ina leith seo.
- Ní íocfar CBL ach nuair a chuirtear san áireamh é i méid an iarratais. Ní ghlacfar le haon éilimh eile d'íocaíochtaí nó aisíocaíochta CBL.

## 9. Conas Iarratas a Dhéanamh

**Foirm Iarratais**
Tá an fhoirm iarratais mionsonraithe agus leagtha amach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ar fáil ann le meastóireacht a dhéanamh ar gach togra go cruinn agus go cothrom. **Cinntigh go líonfaidh tú an fhoirm iarratais seo go hiomlán agus go seolfar ar aghaidh le d'iarratas aon cháipéisíocht a thacaíonn leis.**

Ní bhreithneofar a bheith incháilithe ach na tionscadail a fhreastalaíonn ar na critéir atá leagtha amach thuas.

**TABHAIR AR AIRD NACH MBREITHNEOFAR IARRATAIS NACH BHFUIL COMHLÁNAITHE GO HIOMLÁN NÁ IARRATAIS ATÁ DEIREANACH.**

Caithfear ar bhealach tromchúiseach le faisnéis atá bréagach nó míthreorach a chur ar aghaidh ag céim ar bith den phróiseas iarratais. D'fhéadfadh sé go mbeadh eagraíocht ar bith nach gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha an Chláir faoi réir ag cigireacht, go bhféadfaí a ndeontas a tharraingt siar, go n-éileofaí orthu cuid den deontas nó an deontas go léir a íoc ar ais agus/nó cosc a bheith orthu iarratais a dhéanamh ar feadh tréimhse ama. Cuirfear aon sáruithe tromchúiseacha ar théarmaí agus ar choinníollacha an Chláir in iúl don Gharda Síochána.

**Is féidir iarratais a dhéanamh ar líne trínár dtairseach ar líne ag https://consult.louthcoco.ie/en/applications.**

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ag https://www.louthcoco.ie/en/services/community, Ríomhphost LEP2025@louthcoco.ie nó Teileafón 042 939 2929.**